# Glór

Lúnasa 2023

Meitheal Pleanála
Teanga an Iarthuaiscirt
An Crannóg
Srath na Corcra
Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
074 9560620 / 087 2491101

*Buanú agus neartú na Gaeilge san Iarthuaiscirt*

# Próiséas athbhreithnithe tosaithe san Iarthuaisceart

Thug Míchéal Ó Duibh cuairt ar Mheitheal Phleanála Teanga an Iarthuaiscirt sa Chrannóg ar na mallaibh mar pháirt don phróiséas athbhreithnithe.

Tá súil againn san earnáil phleanála teanga go mbeidh toradh dearfach ar a shaothar.





## Campa Cócaireachta

Bhí lúchair mhór ar Mheitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt tacú le campa cócaireachta Phobalscoil Ghaoth Dobhair thar an tSamhraidh. D'éirigh go hiontach leis na campaí le neart suime léirithe ann. Tá ard mholadh tuillte ag Dana Nic Giolla Bhríde agus an fhoireann as na campaí a eagrú agus a reachtáil.

# Mataí beorach úra sa cheantar

Tá mataí beorach úra scaipthe thart tríd pubanna agus clubanna an cheantair. Seo togra úr a thug Ionad Naomh Pádraig Dobhar faoi le comhoibriú Cathal Ó Cailín.

Bhí lúchair ar Mheitheal Pleanála Teanga an Iarthuaisceart tacaíocht a thabhairt don togra. Le tuilleadh eolais a fháil faoi stair, oidhreacht, áiseanna agus gnólachtaí Ghaoth Dobhair, déan an QR cód ar an mata beorach a íoslódáil.







# Gaelchairde 2023

Is é seo cuid dár Gaelchairde 2023. Tá súil againn go bhfuil siad ag baint sult agus táirbhe as an scéim go dtí seo!

Ar chlé tá Aodh & Pól, Cat & Jean, Liz & Síle, Katherine & Cathy agus Mairín & Karen.

# Seoladh leabhair 'Niall Mhícheáil, Seanchaí Rann na Feirste' in Áislann Rann na Feirste!

Bhí scaifte mhór san Áislann ar na mallaibh do sheoladh an leabhair 'Niall Mhícheáil, Seanchaí Rann na Feirste' le Pádraig Ó Baoill agus Mícheál Ó Domhnaill. Comhghairdeas leo as an tsaothar!





## Campa Samhraidh

Tá moladh mhór ag dul do na hionaid uilig a bhí ag reachtáil campaí do pháistí thar an tSamhraidh. Bhí lúchair ar Mheitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt tacú leo.

# Cur aithne ar Sarah



**Ainm:** Sarah Ní Dhochartaigh

**Post:** Margaíocht Digiteach

**Caithimh Aimseartha:** Peil agus grianghrafadóireacht

**Bia:** Píotsa

**Deoch:** Uisce nó Caifé

**Ceol:** Pop Ceoil

**Scannán:** The Pursuit of Happiness

**Clár Teilifíse:** Grey's Anatamy / Gossip Girl

**Ainmhí:** Madadh

**Leabhar:** A Game of Thrones le G.R.R.M

**Ceolchoirm:** Taylor Swift

**Páipéar Nuachtáin:** Donegal News

**Stáisiún Ráidió:** iRadio

**Teanga Eachtrach:** Spáinnis

**Podchraoladh:** The Girls Bathroom

**Spórt:** Peil agus lúthchleasaíocht

**Gréasán Sóisialta:** Twitter

**Féile Ceoil:** Electric Picnic

**Tionchar is mó ar do shaol:** Mo theaghlach

**Gné is fearr faoin pheil:** Mo chairde agus an traenáil

**Gné is measa faoin pheil**: Cluichí ag 10:30 ar maidin

**Páirc is fearr a d'imir tú ar:** Pairc Gaeil Fhánada

**Páirc is measa a d'imir tú ar:** Pairc na Rosann, An Chlochán Liath

**Fear Grinn in Scannan Dáireíre nó Fear Dáiriire in Scannán Grinn**; Fear Grinn in Scannán Dáiríre

**Peil na mBan nó Peil na bhFear:** Peil na mBan

**Scéal Greannmhar nó Jóc Aon Líne:** Scéal Greannmhar

**Comharsain Callánach nó Comharsain Fiosrach:** Comharsain Fiosrach

**Saskia Boyle nó Ulitah Boyle:** 50/50!

**Laoch:** John Ó Fearraigh

**Oíche amuigh:** Sharkey's

**Cuireadh chuig cóisir:** Gannah

**Laethanta saoire:** An Iodáil

**Seanfhocal:** An rud is annamh is iontach

**Mana saoil:** Gan rudaí a ghlacadh ró-dháiríre agus taitneamh a bhaint as an saol!

**Cén áit a ba mhaith leat a bheith i gceann 10 mbliana:** Níl a dfhios agam. Áit ar bith agus sásta!










Ba mhaith leis an Oifig Pleanála Teanga comhghairdeas mór a ghabháil le daltaí na hArdteiste i bPobalscoil Ghaoth Dobhair a d'éirigh leo a gcuid cúrsaí a bhaint amach. Guíonn muid gach ádh agus bláth orthu sna blianta amach rompu!